

14750/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0171(COD)**

**CODEC 1973
TRANS 445
MAR 170
OMI 95
ENV 1030
DROIPEN 223
PE 243****NÓTA FAISNÉISE**

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe - An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa agus an nós imeachta Ceartúcháin (Strasbourg, 10 Aibreán 2024 agus 22 Deireadh Fómhair 2024)

I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla i ndáil leis an nós imeachta comhchinnteoireachta¹, bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhoill teacht ar chomhaontú faoin gcomhad reachtach seo ar an gcéad léamh.

¹ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Measadh² go rachadh an comhad sin faoi réir an nós imeachta ceartúcháin³ i bParlaimint na hEorpa tar éis don Pharlaimint a bhí ann roimhe seo an seasamh uaithi a ghlacadh ar an gcéad léamh.

II. VÓTÁIL

Ag an gcuinniú a bhí aici an 10 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa leasú 50 (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch) ar an togra ón gCoimisiún agus rún reachtach, arb é atá ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh. Léirítear ann an méid a comhaontaíodh go sealadach idir na hinstitiúidí roimhe sin.

Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhorghas Parlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2024 ceartúchán ar an seasamh a glacadh ar an gcéad léamh.

Faoi chuimsiú an cheartúcháin sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhorghas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn⁴ a ghabhann leis seo é, rud a thabharfadh an chéad léamh chun críche i gcás an dá institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

² 10819/24 + COR 1.

³ Riail 251, Rialacha Nós Imeachta Parlaimint na hEorpa.

⁴ Leagtar amach téacs an cheartúcháin san Iarscríbhinn. Cuirtear i láthair mar théacs comhdhlúite é, agus léirítear athruithe ar an togra ón gCoimisiún i gcló trom iodálach. Is leis an tsiombail ‘■’ a léirítear téacs a scriosadh.

P9_TA(2024)0202**Leasú ar Threoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe**

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe (COM(2023)0273 – C9-0187/2023 – 2023/0171(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0273),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0187/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Meán Fómhair 2023¹,
 - tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,
 - ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 28 Feabhra 2024 go ndéanfaidh sí seasamh Parlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iascach,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0365/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

¹ IO C, C/2023/872, 8.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/872/oj>.

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024
chun go nglacfaí Treoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena
leasaítear Treoir 2005/35/CE a mhéid a bhaineann le truailliú ó longa agus pionóis
riaracháin ar sháruithe a thabhairt isteach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe
Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún **■** ,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO C, C/2023/872, 8.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/872/oj>.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm do bheartas muirí an Aontais ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta comhshaoil a chur ar fáil. Is féidir an méid sin a bhaint amach trí choinbhinsiún, cóid agus réitigh idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus saoirse loingseoireachta dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige á coinneáil ar bun.
- (2) Le Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ***na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO)*** um Thruailliú ó Longa a Chosc ('Marpol 73/78'), déantar foráil maidir le toirmisc ghinearálta ar sceitheadh ó longa ar muir, ach ina theannta sin rialaítear leis na coinníollacha faoinar féidir substaintí áirithe a sceitheadh sa mhuirtheimpeallacht. ***In Marpol 73/78 tá eisceachtaí maidir le sceitheadh substaintí truaillitheacha, atá faoi réir a Iarscríbhinní, nach bhfuil le meas mar shárú i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha sonraithe. Maidir le cásanna inar ghníomhaigh siad siúd atá faoi dhliteanas i leith an damáiste le hintinn damáiste a dhéanamh nó go meargánta agus fios acu gur dócha go mbeadh damáiste mar thoradh air, ní dhéantar na cásanna sin a dhíolmhú leis na hIarscríbhinní sin.***

- (3) Ó glacadh Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ³, rinneadh leasuithe suntasacha ar Marpol 73/78 agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis, leasuithe lena cuireadh caighdeáin agus toirmisc níos déine i bhfeidhm maidir le sceitheadh substaintí ó longa isteach san fharraige. Ba cheart na hathruithe sin chomh maith leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE a chur san áireamh.
- (4) *Cé go bhfuil sé mar chuspóir uileghabhálach ag an Treoir seo leasuithe suntasacha ar Marpol 73/78 a thrasú i ndlí an Aontais, níl téacs iomlán Marpol 73/78 agus na n-iarscríbhinní a ghabhann leis atá cothrom le dáta ar fáil go poiblí. Fágann sé sin gur deacair don earnáil, do na saoránaigh agus do na riaracháin rochtain chuig a fháil ar théacs Marpol 73/78 agus ar théacs coinbhinsiún comhchosúil de chuid IMO.*
- (5) *Ba cheart do na Ballstáit oibriú laistigh de IMO chun téacsanna iomlána agus cothrom le dáta choinbhinsiúin IMO, lena n-áirítear Marpol 73/78 agus na hianscríbhinní a ghabhann leis, a dhéanamh inrochtana don phobal saor in aisce.*

³ Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe (IO L 255, 30.9.2005, lch. 11).

- (6) Áirithítear le Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ go seachadfar dramhaíl ó longa chuig calafoirt an Aontais, áit a mbailítear í trí shaoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha. Tá forfheidhmiú Threoir (AE) 2019/883, in éineacht le Treoir 2005/35/CE, ina phríomhionstraim maidir le truailliú ó longa a chosc. Chun córas forfheidhmiúcháin éifeachtach, comhtháite agus comhleanúnach a áirithiú a mhéid a bhaineann le forálacha Threoir (AE) 2019/883 maidir le seachadadh dramhaíola chuig saoráidí glactha calafoirt, ba cheart Treoir 2005/35/CE a leasú chun a raon feidhme a leathnú go hlarscríbhinní IV go VI a ghabhann le Marpol 73/78, d'fhonn longa a dhíspreagadh maidir le substaintí truaillitheacha a sceitheadh go neamhdhleathach isteach san fharraige in ionad iad a sheachadadh chuig saoráidí glactha calafoirt i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/883.

⁴ Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

- (7) Ní áirítear laistigh de raon feidhme Threoir (AE) 2019/883 Iarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78 toisc nach ndéantar earraí pacáistithe a chatagóiriú mar dhramhaíl, dá bhrí sin ní dhéantar iad a sheachadadh chuig saoráidí glactha calafoirt de ghnáth. Ní féidir a chur as an áireamh, áfach, go bhféadfaí substaintí díobhálacha a iompraítear i bhfoirm phacáistithe a chaitheamh thar bord isteach san fharraige go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, ba cheart raon feidhme Threoir 2005/35/CE a leathnú chun Iarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78 a chumhdach. Dá réir sin, ba cheart toirmeasc a chur ar shubstaintí díobhálacha a chaitheamh thar bord faoi Threoir 2005/35/CE, ach amháin má shuíonn na húdaráis inniúla go raibh sé riachtanach substaintí den sórt sin a chaitheamh thar bord chun sábháilteacht na loinge a áirithiú nó chun daoine a shábháil ar muir. ***I ndáil leis sin, ní áirítear sa sceitheadh dá dtagraítear sa Treoir seo dumpáil faoi Choinbhinsiún Londen um Chosc ar Mhuir-Thruailliú trí Fhuíoll agus Ábhar eile a Dhumpáil, 1972, agus Prótacal 1996 a ghabhann leis.***

- (8) Áirítear le Marpol 73/78 astaíochtaí ó longa sa sainmhíniú ar sceitheadh in Airteagal 2 de. In Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78, tugtar aghaidh ar thruailliú aeir ó longa a chosc. Le hIarscríbhinn VI agus leis na treoirlínte IMO comhfhreagracha maidir le Córais Ghlantacháin Gáis Sceite (EGCS) (Rún MEPC.340 (77)), is féidir le longa EGCS a úsáid mar mhodh malartach um chomhlíonadh chun astaíochtaí ocsaíde sulfair (SO_x) a laghdú. **Rialaítear** le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78 an t-iarmhar **■** ó EGCS **■** trí thoirmeasc a chur ar a sceitheadh ar muir agus trína cheangal go seachadfar é chuig saoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha **■**. Le Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, trasuitear caighdeáin idirnáisiúnta SO_x i ndlí an Aontais, agus áirithítear le Treoir (AE) 2019/883 go seachadfar iarmhar EGCS chuig saoráidí glactha calafoirt. Ós rud é go bhfuil iarmhar EGCS **■** ina chúis le truailliú na muirthimpeallachta, ba cheart feidhm a bheith ag na pionóis dá bhforáiltear faoi Threoir 2005/35/CE i gcás sceitheadh neamhdhleathach. **■**

⁵ Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 a bhaineann le laghdú an chion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58).

- (9) *Is féidir ‘uisce sceite’, mar a shainmhínítear i gCiorclán MEPC.1/Circ.899 agus i Rún MEPC.340(77) araon, a sceitheadh go díreach thar bord má tá sé i gcomhréir leis na critéir maidir le cáilíocht uisce sceite a leagtar amach i dtreoirlínte IMO maidir le EGCS. Mar sin féin, d’fhéadfadh uisce sceite ó EGCS tionchar a imirt ar an éiceachóras cé go bhfuil Marpol 73/78 á chomhlíonadh aige. Sa chás sin, féadfaidh an Ballstát srianta nó teorainneacha a fhorchur ar féidir iad a bhunú ar an meastóireacht a dhéantar agus úsáid á baint as an modheolaíocht le haghaidh measúnuithe riosca agus tionchair atá sna treoirlínte a d’fhorbair IMO agus a mholann an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (MEPC). Sa chás sin, bíonn ‘uisce sceite’ ina chúis le truailliú don mhuirthimpeallacht, agus ba cheart feidhm a bheith ag na pionóis riaracháin dá bhforáiltear faoi Threoir 2005/35/CE i gcás sceitheadh neamhdhleathach agus aird chuí á tabhairt ar MEPC.1/Circ.883/Rev.1.*
- (10) Le Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ áirithítear sainmhínithe coiteanna maidir le cionta coiriúla comhshaoil agus áirithítear go mbeidh pionóis choiriúla éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha ar fáil i leith cionta comhshaoil tromchúiseacha. Leasaíodh Treoir 2005/35/CE le Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, lenar tugadh pionóis choiriúla isteach i leith sáruithe áirithe ar Threoir 2005/35/CE a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2024/1203 feasta. Dá réir sin, ba cheart forálacha Threoir 2005/35/CE a cuireadh le Treoir 2009/123/CE nó a cuireadh ina hionad a scriosadh.

6 Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Theoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE (IO L, 2024/1203, 30.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1203/oj>).

7 Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus maidir le pionóis i leith sáruithe a thabhairt isteach (IO L 280, 27.10.2009, lch. 52).

- (11) Ba cheart pionóis riaracháin a thugtar isteach agus Treoir 2005/35/CE á trasuí a bheith gan dochar do Threoir (AE) 2024/1203. Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme fhorfheidhmiú an dlí riaracháin agus choiriúil a shainiú maidir le cionta truaillithe ó longa i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. ***Ní chuirtear cosc leis an Treoir seo ar na Ballstáit bearta níos déine a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, trí fhoráil a dhéanamh maidir le pionóis riaracháin nó choiriúla i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.*** Agus an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2005/35/CE á chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar le forchur na bpionós coiriúil agus na bpionós riaracháin prionsabail Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear prionsabal ***ne bis in idem***, agus aird chuí á tabhairt ar an bprionsabal ***‘gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as’***, de réir mar is infheidhme agus nuair is infheidhme.

- (12) Ba cheart na pionóis dá bhforáiltear le Treoir 2005/35/CE a neartú trína áirithiú go gcuirfear pionóis riaracháin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Chun éifeacht iombhagartha na bpionós a fhorchuirtear i leith cionta truaillithe ó longa a neartú, ba cheart na pionóis **riaracháin** sin a bheith i bhfoirm fineálacha ar a laghad a fhorchuirtear ar chuideachta na loinge **arna cur faoi dhliteanas**. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn cuideachta loinge úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ó úinéir na loinge, i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc ('Cód ISM')⁸, arna chur chun feidhme i ndlí an Aontais de bhua Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹. Ba cheart a aithint le Treoir 2005/35/CE go bhféadfadh an t-úinéir cláraithe bainistiú na loinge a tharmligean chuig eintiteas eile, agus ba cheart é a chur **faoi dhliteanas** ansin ar an gcéad dul síos má theipeann air a oibleagáidí faoi Chód ISM a chur chun feidhme chun a áirithiú nach ndéanfar damáiste don chomhshaol nó go ndéanfar oibríochtaí ar bord loinge a shannadh do phearsanra cáilithe. ***Gan dochar do reachtaíocht an Aontais is infheidhme, ba cheart cinntí maidir leis an bpionós atá le cur i bhfeidhm a dhéanamh laistigh de raon feidhme na gcóras náisiúnta maidir le forfheidhmiú an dlí riaracháin agus choiriúil. Maidir le pionóis choiriúla, leagtar amach oibleagáidí na mBallstát i dTreoir (AE) 2024/1203. Dá réir sin, ní bhaineann an Treoir seo ach le pionóis riaracháin agus ní bhaineann sí le himeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.***

⁸ An Cód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le Rún A.741(18) ón Tionól an 4 Samhain 1993, arna leasú.

⁹ Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3051/95 ón gComhairle (IO L 64, 4.3.2006, lch. 1).

- (13) *Ag aithint dóibh nach féidir le roinnt Ballstát an ceanglas maidir le pionóis riaracháin a chomhlíonadh mar gheall ar an dlí bunreachtúil náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit na forálacha maidir le pionóis riaracháin atá sa Treoir seo a chur i bhfeidhm ar bhealach go ndéanfaidh an t-údarás inniúil na pionóis a thionscnamh agus go ndéanfaidh na cúirteanna náisiúnta inniúla iad a fhorchur, agus comhlíonadh an cheanglais maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha á áirithiú an tráth céanna. I gcás inar ann do thagairtí sa Treoir seo do phionóis riaracháin, cuirfidh na Ballstáit sin pionóis i bhfeidhm de réir bhrí a gcórais dlí náisiúnta.*
- (14) *D'fhéadfadh neamhrialtachtaí agus faisnéis eascairt as cigireacht um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt arna déanamh faoi Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ nuair atá sí éigeantach nó nuair atá sí sceidealaithe. D'fhéadfaí neamhrialtachtaí a bhrath freisin maidir le dramhaíl long-ghinte a sheachadadh, nó maidir le fógra ina leith sin, mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2019/883 nó maidir le neamhchomhlíonadh na gcritéar maidir le húsáid EGCS a oibrítear mar mhodhanna laghdaithe astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/802, chomh maith le faisnéis maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha na loinge a fhaightear trí na nósanna imeachta dá bhforáiltear i dTreoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, lena n-áirítear aon chruthúnas nó aon fhianaise thoirmeach maidir le sceitheadh ola nó sáruithe eile ar Marpol 73/78 arna chur in iúl nó arna cur in iúl don Bhallstát nó teagmhais nó timpistí arna dtuairisciú ag máistir na loinge, agus aon fhaisnéis eile ó dhaoine a bhfuil baint acu le hoibriú na loinge, lena n-áirítear píolótaí.*

¹⁰ *Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).*

¹¹ *Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).*

- (15) *D'fhéadfaí neamhrialtachtaí nó faisnéis is siocair le hamhras gur tharla sceitheadh neamhdhleathach a aimsiú le linn cigireacht um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cigireacht nua riachtanach nó éifeachtach go leor. Ina ionad sin, d'fhéadfadh an Ballstát gníomhaíocht iomchuí eile a dhéanamh, amhail an long a choinneáil, imeachtaí a thionscnamh nó bearta feabhais a dhéanamh.*
- (16) Ba cheart do na húdaráis náisiúnta riaracháin agus bhreithiúnacha na himthosca ábhartha go léir a chur san áireamh, *lena n-áirítear atitimeachas maidir le truailliú ó longa*, agus leibhéal na bpionós atá le forchur *ar* an truaillitheoir á chinneadh acu. Agus aird á tabhairt ar chineál éagsúil na substaintí truaillitheacha a chumhdaítear le Treoir 2005/35/CE agus ar a thábhachtaí atá sé pionóis a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais i bhfianaise chineál trasteorann an iompair rialáilte, ba cheart comhfhogasú breise agus éifeachtacht bhreise leibhéil na bpionós a chothú trí *mhalartuithe ar* chritéir maidir le pionóis *a chinneadh agus* a chur i bhfeidhm i leith sceitheadh substaintí truaillitheacha éagsúla. Chun *cur i bhfeidhm éifeachtach pionós* a áirithiú *agus chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach malartú taithí agus dea-chleachtas a éascú idir údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát. Thairis sin, bunaithe ar an léargas a fuarthas ó mhalartuithe den sórt sin, d'fhéadfadh an Coimisiún treoirlínte níos sonraí a mholadh, lena n-áirítear maidir le cineálacha sonracha substaintí truaillitheacha agus réimsí íogaire ar ábhar imní iad.*

- (17) I gcás ina gceapann Ballstát go ndearna long atá laistigh dá chalafort nó ag críochfort amach ón gcósta ar bhonn deonach sceitheadh neamhdhleathach, ba cheart cigireacht iomchuí a dhéanamh chun na himthosca a shuí. Chun cuidiú leis na Ballstáit lena n-oibleagáidí faoi Threoir 2005/35/CE cigireacht a dhéanamh ar na longa sin, soláthraítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/35/CE liosta táscach de neamhrialtachtaí nó d'fhaisnéis ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh de réir an cháis agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart a mheas go bhfuil long faoi amhras.
- (18) Níor leor na bearta tionlacain le haghaidh comhair agus oibleagáidí na mBallstát maidir le tuairisciú chun go mbeifí in ann anailís iomlán a dhéanamh i dtaobh an bhfuil pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha á bhforchur ar thruaillitheoirí agus chun sonraí leordhóthanacha a chur ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. Chun forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach Threoir 2005/35/CE a áirithiú, ba cheart malartú faisnéise, ***taithí agus dea-chleachtas*** a éascú trí chomhar feabhsaithe, agus á áirithiú an tráth céanna go gcuirfear sonraí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun gur féidir faireachán cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE.

- (19) *Chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis is gá chun an Treoir seo a chur chun feidhme go héifeachtach, tá sásraí tuairiscithe ábhartha ar fáil do na Ballstáit, amhail tuairisciú faoi chuimsiú coinbhinsiúin réigiúnacha farraige agus socrúithe comhair réigiúnacha eile, amhail Comhaontú Bonn, Líonra Imscrúdaitheoirí agus Ionchúisitheoirí na Mara Thuaidh, agus Líonra na nIonchúisitheoirí um Choireacht Chomhshaoil i Réigiún Mhuir Bhailt.*
- (20) An tseirbhís shatailítbhunaithe ‘CleanSeaNet’ atá ann cheana, ar seirbhís í lena dtugtar fógra d’údaráis na mBallstát maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha, ba cheart í a fheabhsú tuilleadh chun faisnéis a áireamh maidir leis na substaintí truaillitheacha breise faoi raon feidhme Threoir 2005/35/CE. Maidir le faisnéis a bhaineann le sceitheadh féideartha nó le sceitheadh iarbhrí arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE agus le bunachair sonraí eile de chuid an Aontais um shábháilteacht mhuirí, amhail Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí a bunaíodh le Treoir 2002/59/CE (‘SafeSeaNet’) agus an Bunachair Sonraí Cigireachta a bunaíodh le Treoir 2009/16/CE (‘THETIS’), ba cheart faisnéis den sórt sin a chomhtháthú agus a scaipeadh i bhformáid leictreonach sho-úsáidte ar na húdaráis náisiúnta a bhfuil baint acu leis an slabhra forfheidhmiúcháin chun a bhfreagairt thráthúil do sceitheadh neamhdhleathach féideartha den sórt sin a éascú. Ba cheart faisnéis den sórt sin, nuair a bhaineann sí le sceitheadh iarbhrí nó le sceitheadh féideartha iarmhair ó EGCS ó long, a scaipeadh go huathoibríoch, **amhail trí** mhodúl tiomnaithe THETIS arna chur ar bun faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/253 ón gCoimisiún¹² (‘THETIS-EU’), chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/802. ■

¹²

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/253 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2015 lena leagtar síos na rialacha a bhaineann le sampláil agus tuairisciú faoi Threoir 1999/32/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcion sulfair i mbreoslaí muirí (IO L 41, 17.2.2015, lch. 55).

- (21) *Chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart do gach Ballstát a áirithiú go ndéanfaí anailís dhigiteach ar na foláirimh ardmhuiníne laistigh de 66 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo. Laistigh den tréimhse ama sin, ba cheart do na Ballstáit uile a léiriú freisin an bhfóraíonn siad nó nach bhfóraíonn siad na foláirimh ardmhuiníne sin a sheolann CleanSeaNet gach bliain, agus iad ag iarraidh 25 % ar a laghad de na foláirimh ardmhuiníne sin a fhíorú. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn fíorú aon ghníomhaíochtaí leantacha a dhéanann údaráis inniúla ar fholáireamh arna sheoladh ag CleanSeaNet chun a chinneadh an gcomhfhreagraíonn an foláireamh i dtrácht do sceitheadh neamhdhleathach. Mura bhfóraíonn Ballstát foláireamh, ba cheart dó na cúiseanna nach ndearna sé amhlaidh a chur in iúl.*
- (22) *Ba cheart ‘foláirimh ardmhuiníne’ a thuiscint mar thagairt do bhrath fholáirimh CleanSeaNet d’Aicme A nuair a bhaineann siad le sceitheadh féideartha substaintí truailitheacha faoi Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Marpol 73/78. Maidir le substaintí truailitheacha faoi Iarscríbhinní eile a ghabhann le Marpol 73/78, nach ndéanann CleanSeaNet faireachán orthu faoi láthair, ní féidir cur chuige an leibhéil muiníne a bhunú faoi láthair. Forbróidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (‘EMSA’), seiceálacha leath-uathoibrithe ar íomhánna satailíte le haghaidh substaintí truailitheacha faoi Iarscríbhinní eile a ghabhann le Marpol 73/78 chun a shuí an féidir a leibhéal muiníne a chinneadh. D’fhéadfadh roinnt mhaith gníomhaíochtaí ó roinnt údaráis inniúla a bheith i gceist le gníomhaíochtaí fíorúcháin, amhail fíorú ar an láthair, an brath satailíte a chur i gcomparáid leis na sonraí cunta atá ar fáil go náisiúnta agus cigireachtaí um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt.*

- (23) *Ba cheart rochtain ar an bhfaisnéis sin ó údaráis inniúla a dheonú d'údaráis na mBallstát eile a bhfuil leas acu inti faoina ról mar Stáit chalafoirt an chéad chalafoirt chuarda eile, Stáit chósta a ndéanann an sceitheadh féideartha difear dóibh nó Stáit bhrataí na loinge, chun comhar trasteorann éifeachtach agus tráthúil a éascú, chun ualach riaracháin na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a íoslaghdú agus chun pionós a ghearradh go héifeachtach ar chiontóirí i gcás sáruithe ar Threoir 2005/35/CE. Ba cheart úsáid teicneolaíochtaí nua amhail ladrainn agus teicnící tacaíochta cinnteoireachta, amhail an intleacht shaorga, a chothú freisin.*
- (24) *Mar chuid den mheastóireacht agus den athbhreithniú ar an Treoir seo, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar rátaí fíorúcháin na mBallstát agus ba cheart dó a bheartú rátaí fíorúcháin atá níos airde ná mar a fhoráiltear sa Treoir seo a mholadh más iomchuí, bunaithe ar fhorbairtí teicneolaíochta agus ar imthosca agus cumais ar leith na mBallstát.*
- (25) *Ba cheart a aithint go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir na himthosca sna Ballstáit chósta maidir lena suíomh geografach, méid na n-uiscí a bhfeidhmíonn siad dlínse orthu agus dlús an tráchta mhuirí chomh maith lena n-acmhainní agus rochtain chostéifeachtúil ar an teicneolaíocht atá ar fáil agus modhanna chun fianaise a bhrath, a fhíorú agus a bhailiú i ndáil le sceitheadh neamhdhleathach.*

- (26) I mí na Nollag 2017, i bhfianaise thús na caibidlíochta idirinstitiúidí **maidir le** Treoir (AE) 2019/883, cuireadh ar atráth an Foghrúpa maidir le Dramhaíl ó Longa, foghrúpa a cuireadh ar bun faoi Fhóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe agus inar tháinig raon leathan saineolaithe i réimse an truaillithe ó longa agus an bhainistithe dramhaíola ó longa le chéile. Ós rud é gur thug an Foghrúpa sealadach sin treoir agus saineolas luachmhar don Choimisiún, ba cheart grúpa saineolaithe comhchosúil a bhunú ag a mbeadh sainordú taithí maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a mhalartú chun cuidiú leis na Ballstáit a n-acmhainneacht a fhothú chun teagmhais truaillithe a bhrath agus a fhíorú agus forfheidhmiú éifeachtach Threoir 2005/35/CE a áirithiú.
- (27) Ba cheart do EMSA an tacaíocht is gá a sholáthar don Choimisiún chun cur chun feidhme na Treorach seo a áirithiú.

- (28) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a thuairisciú don Choimisiún chun a áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. Chun teorainn a chur leis an **ualach** riaracháin agus chun cuidiú leis an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na sonraí a sholáthraíonn na Ballstáit, ba cheart do na Ballstáit faisnéis den sórt sin a thuairisciú trí uirlis tuairiscithe leictreonach thiomnaithe, **arna forbairt ag an gCoimisiún**. A mhéid a bhaineann faisnéis den sórt sin le pionóis a fhorchuirtear **ar** dhaoine nádúrtha nó a bhaineann le daoine nádúrtha, ba cheart faisnéis den sórt sin a anaithnidiú. Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE inchomparáide ó thaobh cineáil de i measc na mBallstát agus go mbaileofar í ar bhonn formáid chomhchuibhithe leictreonach agus nós imeachta comhchuibhithe leictreonach le haghaidh tuairisciú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**¹³.
- (29) Chun cuidiú leis na Ballstáit a gcumais a fhorbairt maidir le forfheidhmiú éifeachtach Threoir 2005/35/CE ag na húdaráis náisiúnta riaracháin agus bhreithiúnacha, ba cheart don Choimisiún, **le cúnamh ó EMSA**, treoir agus oiliúint a sholáthar do na Ballstáit a bhaineann, *inter alia*, leis na modhanna agus na cleachtais is fearr maidir le brath, fíorú agus bailiú fianaise, chomh maith le treoir maidir le forbairtí rialála ábhartha Marpol 73/78 agus maidir le forbairtí teicneolaíochta atá ar fáil, lena n-áirítear uirlisí digiteacha nua, chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin atá éifeachtach, costéifeachtach agus spriocdhírithe a éascú.

- (30) Chun feacht an phobail **ar** sceitheadh truaillithe ó longa a mhéadú agus **chun** feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ba cheart faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2005/35/CE a chur ar fáil go poiblí trí fhorbhreathnú uile-Aontais agus ba cheart a áireamh léi an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/35/CE. Is é is aidhm do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ an ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a ráthú sna Ballstáit i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil¹⁵ (ar a dtugtar Coinbhinsiún Aarhus freisin), ina bhfuil an tAontas ina pháirtí. Ba cheart don Choimisiún rúndacht na faisnéise a fhaigheann na Ballstáit a chosaint, gan dochar do Threoir 2003/4/CE.
- (31) Le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶, leagtar síos íoschaighdeáin maidir le sárúithe ar dhlí an Aontais a thuairisciú, lena n-áirítear **sárúithe** ar Threoir 2005/35/CE, agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, go háirithe, go ndéanfar na daoine sin den chriú faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/1937 a thuairiscíonn sceitheadh neamhdhleathach iarbhír nó sceitheadh neamhdhleathach féideartha a chosaint **agus go dtabharfar tacaíocht agus cúnamh dóibh, de réir mar is iomchuí, dá bhforáiltear sa Treoir sin.**

¹⁴ Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

¹⁵ **IO L 124, 17.5.2005, lch. 4.**

¹⁶ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

Sa bhreis ar na bealaí tuairiscithe atá ann cheana a sholáthraítear ar an leibhéal náisiúnta mar a rialaítear faoi Threoir (AE) 2019/1937, ba cheart don Choimisiún bealach tuairiscithe seachtrach láraithe ar líne a chur ar fáil chun sceitheadh neamhdhleathach iarbhír nó sceitheadh neamhdhleathach féideartha a thuairisciú agus tuairiscí den sórt sin a aistriú chuig na Ballstáit lena mbaineann, agus ba cheart do na Ballstáit sin na tuairiscí sin a láimhseáil ina dhiaidh sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937, lena n-áirítear i ndáil lena admháil go bhfuarthas iad, i ndáil le haiseolas leordhóthanach agus i ndáil le bearta leantacha a dhéanamh ina leith. ***Tá feidhm ag dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679¹⁷ agus (AE) 2018/1725¹⁸ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta i gcomhthéacs na Treorach seo.*** Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcosnófar rúndacht chéannacht na ndaoine tuairiscithe, lena n-áirítear, i gcás inar gá, trí fheidhmiú chearta áirithe cosanta sonraí na ndaoine lena mbaineann a shrianadh, amhail daoine a áirítear sa tuairisc mar dhaoine atá rannpháirteach sa sceitheadh neamhdhleathach féideartha, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointí (c) agus (h), agus Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ■ , a mhéid agus a fhad is gá chun cosc a chur agus aghaidh a thabhairt ar iarrachtaí bac a chur ar thuairisciú nó ar iarrachtaí bac a chur ar bhearta leantacha, moill a chur ar bhearta leantacha nó bearta leantacha a chur ó rath, go háirithe imscrúduithe, nó ar iarrachtaí céannacht na ndaoine tuairiscithe a fháil amach. ***Ba cheart do shrianta den sórt sin bunbhrí na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha a urramú agus ba cheart na srianta sin a bheith ina mbearta riachtanacha agus comhréireacha i sochaí dhaonlathach chun go ndéanfaí cuspóirí tábhachtacha a bhaineann le leas poiblí ginearálta an Aontais nó***

¹⁷ ***Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

¹⁸ ***Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 1.11.2018, lch. 39).***

Ballstáit, lena n-áirítear cosaint an ábhair sonraí nó cearta agus saoirsí daoine eile, a choimirciú.

- (32) Tá plé leanúnach ar siúl ag IMO maidir le saincheisteanna comhshaoil nua a bhaineann le loingseoireacht idirnáisiúnta a mbíonn truailliú **muirí** mar thoradh orthu. *D'fhéadfadh forálacha nua faoi Marpol 73/78 a bheith mar thoradh ar an bplé sin, lena dtugtar cineálacha eile truailléan faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin sin, amhail bruscar plaisteach muirí agus caillteanas millíní plaisteacha. Ba cheart féachaint in athbhreithniú amach anseo an féidir raon feidhme Threoir 2005/35/CE a mhodhnú, más iomchuí, d'fhonn córas forfheidhmiúcháin comhleanúnach, éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú, chomh maith le pionóis athchomhairleacha a fhorchur ina leith. Leis an athbhreithniú sin, ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar bhealaí chun faireachas satailíte ar choimeádáin chaillte a fheabhsú, lena bhféadfaí substaintí díobhálacha a áireamh. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh freisin ar idirghníomhaíocht na Treorach seo le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais maidir le truailliú muirí, amhail Treoracha 2008/56/CE¹⁹, (AE) 2016/802 agus (AE).../...²⁰⁺ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena n-áirítear maidir le torann iomarcach faoi uisce agus truailliú aeir, amhail carbón dubh, ábhar cáithnínach (PM), ocsaíd nítreach (NO_x) agus ocsaíd sulfair (SO_x), a thuairisciú, a mbeadh dochar don bhithéagsúlacht agus d'acmhainní beo in éiceachórais mhuirí mar thoradh uirthi, chomh maith le guaiseacha do shláinte an duine agus lagú ar cháilíocht úsáid uisce saíle agus úsáid inbhuanaithe earraí agus seirbhísí muirí, rud a chuireann bac ar ghníomhaíochtaí muirí eile, amhail an iascaireacht, an turasóireacht agus áineas i limistéir chósta.*

¹⁹ *Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais muirthimpeallachta (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).*

²⁰ Treoir (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an maidir le (IO L,/....., ELI:.....).

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir na Treorach atá i ndoiciméad PE-CONS 88/24 (2022/0347(COD)) agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin.

- (33) *Ní féidir leis na Ballstáit nach bhfuil rochtain dhíreach acu ar an bhfarraige nó nach bhfuil calafoirt acu forálacha áirithe na Treorach seo a chur i bhfeidhm mar gheall ar na cúiseanna geografacha sin. Chun nach gcuirfear ualach riaracháin díréireach ar na Ballstáit sin, níor cheart é a bheith d'oibleagáid orthu cuid d'fhorálacha na Treorach seo a thrasuí agus a chur chun feidhme.*
- (34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach de bharr an damáiste trasteorann a d'fhéadfadh tarlú de dheasca sceitheadh neamhdhleathach a chumhdaítear leis an Treoir seo agus de dheasca infhaighteacht pionós éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach ar fud an Aontais as sceitheadh dá leithéid agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí **na** gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

- (35) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun leigheas éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosaint a fháil, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis, agus an ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion céanna. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin go hiomlán agus ba cheart í a chur chun feidhme dá réir sin.
- (36) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim an 25 Iúil 2023.
- (37) ■ Ba cheart Treoir 2005/35/CE a leasú ***dá réir sin,***

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2005/35/CE

Leasaítear Treoir 2005/35/CE mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú i ndáil le truailliú ó longa agus maidir le pionóis *riaracháin* a thabhairt isteach i leith chionta an truaillithe’;

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Treoir seo caighdeáin idirnáisiúnta i ndáil le truailliú ó longa a ionchorprú i ndlí an Aontais agus a áirithiú go mbeidh *aon chuideachta nó aon duine eile dlítheanach nó nádúrtha atá faoi dhliteanas* as sceitheadh neamhdhleathach substaintí truaillitheacha faoi réir pionóis riaracháin éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí agus chun feabhas a chur ar chosaint na muirthimpeallachta ar thruailliú ó longa.

2. Ní chuirtear cosc leis an Treoir seo ar na Ballstáit bearta níos déine a dhéanamh i gcomhréir le dlí *an Aontais agus* leis an dlí idirnáisiúnta, trí fhoráil a dhéanamh maidir le pionóis riaracháin nó choiriúla i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

‘Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘Marpol 73/78’ an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973, *lena n-áirítear Prótacail* 1978 *agus 1997* a ghabhann leis, ina leagan cothrom le dáta;
- (2) ciallaíonn ‘substaintí truaillitheacha’ substaintí atá faoi réir rialú ag Iarscríbhinn I (ola), Iarscríbhinn II (substaintí leachtacha urchóideacha ar an mórchoir), Iarscríbhinn III (substaintí díobhálacha a iompraítear ar muir i bhfoirm phacáistithe), Iarscríbhinn IV (camras ó longa) agus Iarscríbhinn V (bruscar ó longa) a ghabhann le Marpol 73/78 agus iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite;

- (3) ***ciallaíonn*** ‘iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite’ aon ábhar a bhaintear as an uisce níocháin nó as an uisce sceite le córas cóireála, uisce sceite nach gcomhlíonann an critéar maidir le sceitheadh, nó ábhar iarmhair eile a bhaintear as na córais ghlantacháin gáis sceite (EGCS) ■ mar thoradh ar oibriú modha comhlíonta maidir le laghduithe astaíochtaí a shainítear i Rialachán 4 d’Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78, a úsáidtear mar mhalairt, i dtaobh laghduithe astaíochtaí, ar na caighdeáin a leagtar amach i Rialachán 14 d’Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78, agus na treoirlínte a d’fhorbair an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) á gcur san áireamh;
- (4) ***ciallaíonn*** ‘sceitheadh’ aon scaoileadh saor ó long cibé ní is cúis leis, dá dtagraítear in Airteagal 2 de Marpol 73/78;
- (5) ciallaíonn ‘long’ soitheach farraige, gan beann ar a bhratach, de chineál ar bith a bhíonn ag oibriú sa mhuirthimpeallacht agus áirítear leis duillárthaí, feithiclí aerchúisín, tumadóirí agus árthaí ar snámh;

- (6) ciallaíonn ‘duine dlítheanach’ aon eintiteas dlítheanach a bhfuil an stádas sin aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, cé is moite de na Stáit féin, comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú údarás an Stáit, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí;
 - (7) ciallaíonn ‘cuideachta’ úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ó úinéir na loinge.’;
- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘Airteagal 4

Sáruithe *agus eisceachtaí*

1. Maidir le sceitheadh substaintí truaillitheacha isteach in aon cheann de na limistéir a leagtar amach in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go measfar gur sáruithe é, mura rud é gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

- (a) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú ag Iarscríbhinn I a ghabhann le Marpol 73/78, ***comhlíonann an sceitheadh sin*** na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Rialacháin 15, 34, 4.1, 4.2, nó 4.3, a ghabhann le Marpol 73/78 ***agus i roinn 1.1.1 de chuid II-A den Chód Idirnáisiúnta maidir le Longa a Oibríonn in Uisce Polacha ('an Cód Polach')***;
- (b) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú ag Iarscríbhinn II a ghabhann le Marpol 73/78, ***comhlíonann an sceitheadh sin*** na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Rialacháin 13, 3.1.1, ***3.1.2*** nó 3.1.3, a ghabhann le Marpol 73/78 ***agus i roinn 2.1 de chuid II-A den Chód Polach***;
- (c) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú ag Iarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78, ***comhlíonann an sceitheadh sin*** na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, Rialachán 8.1, a ghabhann le Marpol 73/78;
- (d) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú ag Iarscríbhinn IV a ghabhann le Marpol 73/78, ***comhlíonann an sceitheadh sin*** na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, Rialacháin 3, 11.1 agus 11.3, a ghabhann le Marpol 73/78 ***agus i roinn 4.2 de chuid II-A den Chód Polach***;

(e) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú ag Iarscríbhinn V a ghabhann le Marpol 73/78, ***comhlíonann an sceitheadh sin*** na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V, Rialacháin 4.1, 4.2, 5, 6.1, 6.2 agus 7, a ghabhann le Marpol 73/78 agus i roinn 5.2 de chuid II-A den **■ Chód Polach ■** ; agus

(f) maidir le hiarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite, ***comhlíonann an sceitheadh sin*** na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, Rialacháin **4**, 14.1, 14.4, 14.6, 3.1.1 **agus 3.1.2**, a ghabhann le Marpol 73/78, ***agus na Treoirlínte a d'fhorbair IMO, lena n-áirítear Rún MEPC.340(77), ina leagan cothrom le dáta, á gcur san áireamh.***

2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta ***uile*** is gá chun a áirithiú go gcuirfear aon ***chuideachta nó*** aon duine eile dlítheanach nó nádúrtha a rinne sárú de réir bhrí mhír 1 faoi dhliteanas **■** .';

(5) ***scriostar*** Airteagail 5, 5a agus 5b;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

‘Airteagal 6

Bearta forfheidhmiúcháin i leith longa atá i gcríochfort de chuid Ballstáit

- ‘1. Maidir le long atá i gcalaíocht nó i gcríochfort amach ón gcósta de chuid Ballstáit ar bhonn deonach, má bhíonn amhras ann de bharr neamhríaltachtaí nó faisnéise go ndearna sí substaintí truaillitheacha a sceitheadh in aon cheann de na limistéir dá dtagraítear in Airteagal 3(1) nó go bhfuil sí ag sceitheadh substaintí truaillitheacha in aon cheann de na limistéir sin, áiríteoidh an Ballstát sin go ndéanfar an chigireacht iomchuí nó gníomhaíocht iomchuí eile, agus na treoirlínte ábhartha arna nglacadh ag IMO á gcur san áireamh, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.**
- 2. A mhéid a nochtar fíorais leis an gcigireacht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a d’fhéadfadh a bheith ina léiriú ar shárú de réir bhrí Airteagal 4, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann forálacha na Treorach seo i bhfeidhm. Cuirfear údaráis inniúla an Bhallstáit sin agus údaráis inniúla an Stáit brataí ar an eolas faoi sin.**

3. Tá liosta táscaigh de neamhrialtachtaí nó d'fhaisnéis **atá le cur san áireamh i gcur i bhfeidhm** mhír 1 den Airteagal seo le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo. ’;

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

‘Airteagal 8

Pionóis **riaracháin**

1. Gan dochar d’oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, leagfaidh na Ballstáit síos córas pionós riaracháin **de réir bhrí a gcórais dlí náisiúnta** maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta lena gcuirtear **Airteagal 4** den Treoir seo chun feidhme agus áiritheoidh siad go gcuirfear na pionóis sin i bhfeidhm. Beidh na pionóis riaracháin dá bhforáiltear comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sna pionóis **riaracháin** a thugtar isteach i dtrasuí na Treorach seo fineálacha a fhorchuirtear **ar** an gcuideachta **a chuirtear faoi dhliteanas** i leith an tsáraithe.

3. *I gcás nach bhforáiltear i gcóras dlí an Bhallstáit do phionóis riaracháin, féadfar an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm sa chaoi is go ndéanfaidh an t-údarás inniúil na pionóis sin, lena n-áirítear na fineálacha dá dtagraítear i mír 2, a thionscnamh agus go ndéanfaidh na cúirteanna náisiúnta inniúla iad a fhorchur, agus é á áirithiú acu go mbeidh na leigheasanna dlí sin éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu ar na fineálacha riaracháin a fhorchuirfidh na húdaráis inniúla. In aon chás, beidh na pionóis a fhorchuirtear i gcomhréir leis an mír seo comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach agus cuirfear i bhfeidhm iad i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Faoin ... [30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], tabharfaidh na Ballstáit lena mbaineann fógra don Choimisiún faoi fhorálacha a ndlíthe a ghlacfaidh siad de bhun na míre seo agus, gan mhoill, aon leasú ina dhiaidh sin ar na dlíthe sin nó aon leasú a dhéanfaidh difear do na dlíthe sin.*

* Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE (IO L, 2024/1203, 30.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1203/oj>).

- (8) scriostar Airteagal 8a, 8b agus 8c;
- (9) cuirtear an t-airteagal ■ seo a leanas isteach:

‘Airteagal 8d

Cur i bhfeidhm éifeachtach na bpionós

1. ***Chun a áirithiú go mbeidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, áiritheoidh na Ballstáit, agus cineál agus leibhéal an phionóis riaracháin ar **chuideachta nó ar** dhuine eile **dlítheanach nó** nádúrtha a fhaigheann na húdaráis inniúla go bhfuil sé nó sí **faoi dhliteanas, i gcomhréir le hAirteagal 8**, as sárú de réir bhrí **Airteagal 4** á gcinneadh agus á gcur i bhfeidhm acu, go gcuirfidh na húdaráis inniúla imthosca ábhartha uile an tsáraithe san áireamh, **go háirithe an méid seo a leanas**:***

- (a) cineál, tromchúis agus fad an sceite;
- (b) leibhéal chiontacht an duine atá freagrach **nó** a mhéid atá **locht** ar an duine atá freagrach, **de réir bhrí chóras dlí an Bhallstáit lena mbaineann**;
- (c) an damáiste a rinne an sceitheadh don chomhshaol nó do shláinte an duine, **lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, a thionchar ar an iascaireacht, ar an turasóireacht agus ar phobail chósta**;
- (d) **acmhainneacht** airgeadais na **cuideachta nó** an duine eile dhlítheanaigh nó nádúrtha **atá faoi dhliteanas**;
- (e) na tairbhí eacnamaíocha a ghintear nó a mheastar a ghinfear don **chuideachta nó** don duine eile dlítheanach nó nádúrtha **atá faoi dhliteanas** as an sárú, **i gcás inarb infheidhme**;
- (f) bearta a rinne an **chuideachta nó** an duine eile dlítheanach nó nádúrtha **atá faoi dhliteanas** chun an sceitheadh a chosc nó a thionchar a mhaolú;

- (g) leibhéal comhair na **cuideachta nó** an duine eile dhlítheanaigh nó nádúrtha **atá faoi dhliteanas** i leith an tsáraithe leis an údarás inniúil, lena n-áirítear aon ghníomhaíocht arb é is aidhm di dul timpeall ar chigireacht iomchuí nó ar imscrúdú iomchuí eile a dhéanann údarás inniúil nó bac a chur ar chigireacht nó imscrúdú den sórt sin; agus
- (h) aon sárú a bhaineann le **truailliú ó longa** a rinne an **chuideachta nó** an duine eile dlítheanach nó nádúrtha **atá faoi dhliteanas** roimhe sin.

2. Ní dhéanfaidh na Ballstáit pionós riaracháin i leith sáruithe faoin Treoir seo a shocrú ná a chur i bhfeidhm ar leibhéal atá ró-íseal chun cineál éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach na bpionós sin a áirithiú.’;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘Airteagal 10

Faisnéis agus taithí a mhalartú

1. Chun críocha na Treorach seo, comhoibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, **le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)**, i malartú faisnéise, ag tógáil ar Chóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí a leagtar amach in Airteagal 22a(3) agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* (SafeSeaNet), chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) feabhas a chur ar an bhfaisnéis is gá chun an Treoir seo a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, go háirithe mar a fhoráiltear leis an tseirbhís shatailítbhunaithe Eorpach um brath truaillithe a bhunaítear leis an Treoir seo (CleanSeaNet) **agus le sásraí ábhartha eile tuairiscithe**, d'fhonn modhanna iontaofa a fhorbairt chun substaintí truaillitheacha san fharraige a rianú;
- (b) córas rialúcháin agus faireacháin iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena gcomhtháthaítear an fhaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír (a) leis an bhfaisnéis arna cur ar fáil **ag an gCoimisiún** do na **Ballstáit in SafeSeaNet, THETIS-EU agus i mbunachair sonraí agus in uirlisí faisnéise eile de chuid an Aontais** chun sainaithint luath agus faireachán luath long a sceitheann substaintí truaillitheacha a éascú, d'fhonn gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta a bharrfheabhsú;

- (c) an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir le pointí (a) agus (b) den mhír seo, mar aon leis an bhfaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 10a, d'fhonn rochtain ar an bhfaisnéis sin agus malartú na faisnéise sin idir údaráis inniúla agus le húdaráis na mBallstát eile agus leis an gCoimisiún a éascú; agus
- (d) faoin ... [66 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo], a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla ***anailís dhigiteach ar gach foláireamh ardmhuiníne agus a léiriú cibé acu a fhíoraíonn nó nach bhfíoraíonn siad na foláirimh ardmhuiníne sin a sheolann CleanSeaNet gach bliain, agus iarracht á déanamh acu 25 % ar a laghad de na foláirimh ardmhuiníne sin a fhíorú, i gcás ina gciallaíonn 'fíorú' aon ghníomhaíocht leantach a dhéanann údaráis inniúla maidir le foláireamh*** arna sheoladh ag CleanSeaNet ***chun a chinneadh an gcomhfhreagraíonn an foláireamh i dtrácht do sceitheadh neamhdhleathach. Mura bhfíoraíonn Ballstát foláireamh, ba cheart dó na cúiseanna nach ndearna sé amhlaidh a chur in iúl.***

2. ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis faoi mhórtéagmhais truaillithe ó longa a scaipeadh go tráthúil ar na pobail iascaireachta agus ar na pobail chósta lena mbaineann.***
3. Eagróidh an Coimisiún malartú taithí idir údaráis náisiúnta na mBallstát agus saineolaithe, lena n-áirítear iad siúd ón earnáil phríobháideach, ón tsochaí shibhialta agus ó cheardchumann, maidir leis an Treoir seo a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais, d'fhonn cleachtais choiteanna agus treoirlínte coiteanna a bhunú maidir leis an Treoir seo a fhorfheidhmiú. ■
4. ***Eagróidh an Coimisiún malartú taithí agus dea-chleachtas idir údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát maidir le conas cinneadh agus cur i bhfeidhm éifeachtach pionós a áirithiú. Ar bhonn an mhalartaithe faisnéise sin, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a mholadh, lena n-áirítear maidir le cineálacha substaintí truaillitheacha agus limistéir íogaire ar údar imní iad.***

* Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).’;

(11) cuirtear na hairteagail ■ seo a leanas isteach:

‘Airteagal 10a

Tuairisciú

1. Bunóidh an Coimisiún uirlis tuairiscithe leictreonach, chun faisnéis a bhailiú agus a mhalartú idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le cur chun feidhme an chórais forfheidhmiúcháin dá bhforáiltear leis an Treoir seo.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a dhéanann a n-údaráis inniúla a thuairisciú tríd an uirlis tuairiscithe leictreonach dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) faisnéis a bhaineann leis na bearta leantacha a dhéanann údaráis inniúla maidir le foláireamh a sheol CleanSeaNet nó na cúiseanna nach ndearnadh obair leantach maidir le foláireamh den sórt sin, a luaithe *is féidir tar éis* na gníomhaíochtaí leantacha a chur i gcrích nó tar éis an cinneadh a dhéanamh gan bearta leantacha a dhéanamh;

- (b) faisnéis a bhaineann leis na cigireachtaí nó gníomhaíochtaí iomchuí eile a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 6, a luaithé *is féidir tar éis* na cigireachtaí nó gníomhaíochtaí iomchuí eile a chur i gcrích;
- (c) faisnéis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 7, a luaithé *is féidir tar éis* na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích; *agus*
- (d) faisnéis a bhaineann le pionóis arna bhforchur i gcomhréir leis an Treoir seo, *a luaithé a bheidh na himeachtaí riaracháin agus, i gcás inarb infheidhme, na himeachtaí dlíthiúla tugtha i gcrích*, gan moill mhíchuí agus in aon chás faoin 30 Meitheamh gach bliain maidir le pionóis arna bhforchur le linn na bliana féilire roimhe sin. A mhéid a chuimsítear sonraí pearsanta i bhfaisnéis a bhaineann le pionóis, déanfar faisnéis den sórt sin a anaithnidiú.

3. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis an nós imeachta chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a thuairisciú, lena n-áirítear an cineál faisnéise atá le tuairisciú a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhm sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13.
4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na húdaráis a bhfuil rochtain acu ar an uirlis tuairiscithe leictreonach dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 10b

Oiliúint

Déanfaidh an Coimisiún, ***le cúnamh ó EMSA agus i gcomhar leis na Ballstáit***, forbairt acmhainní na mBallstát a éascú trí oiliúint a sholáthar, de réir mar is iomchuí, do na húdaráis atá freagrach as sáruithe faoi raon feidhme na Treorach seo a bhrath agus a fhíorú agus as pionóis nó aon bhearta eile a eascraíonn as sáruithe den sórt sin a fhorfheidhmiú.

Airteagal 10c

Faisnéis a fhoilsiú

1. Ar bhonn na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10a, déanfaidh an Coimisiún forbhreathnú uile-Aontais a nuashonraítear go tráthrialta ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na Treorach seo a chur ar fáil go poiblí, *ar na himeachtaí riaracháin agus, i gcás inarb infheidhme, na himeachtaí dlíthiúla a thabhairt i gcrích. A mhéid a chuimsítear sonraí pearsanta nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de i bhfaisnéis a bhaineann le pionóis, déanfar faisnéis den sórt sin a anaitnidiú.* Áireofar san fhorbhreathnú *sin* an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.
2. Gan dochar do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, déanfaidh an Coimisiún na bearta iomchuí chun rúndacht na faisnéise a fhaightear le linn chur chun feidhme na Treorach seo a chosaint.

Airteagal 10d

Cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe féideartha ***agus cosaint a sonraí pearsanta***

1. Déanfaidh an Coimisiún bealach tuairiscithe seachtrach ar líne rúnda a fhorbairt, ***a dhéanamh inrochtana*** agus a choinneáil ar bun chun tuairiscí a fháil, de réir bhrí Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, maidir le sáruithe féideartha ar an Treoir seo agus déanfaidh sé tuairiscí den sórt sin a tharchur chuig na Ballstáit lena mbaineann.
2. Maidir leis na húdaráis inniúla náisiúnta a fhaigheann tuairiscí ar sháruithe ar an Treoir seo, arna dtíolacadh ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta sin na tuairiscí sin ***a imscrúdú, go ngníomhóidh siad ina leith i gcás inarb iomchuí***, go dtabharfaidh siad aiseolas ***go tráthúil maidir leo***, agus go ndéanfaidh siad bearta leantacha ina leith i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937.

3. Féadfaidh an Coimisiún, **de bhun Airteagal 25(1), pointí (c) agus (h), de Rialachán (AE) 2018/1725** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{***} **agus i gcomhréir le hAirteagal 25(2) de**, cur i bhfeidhm Airteagail 4, 14 go 22, 35 agus 36 den Rialachán sin a shrianadh do na hábhair sonraí is ábhar don tuairisc, nó a luaitear sa tuairisc, a tíolacadh ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1 **den Airteagal seo** agus nach ionann iad agus na hábhair sonraí a bhfuil an tuairisc sin á tíolacadh acu. Ní bheidh feidhm ag an srian sin ach amháin ar feadh na tréimhse is gá d’imscrúdú na tuairisce dá dtagraítear i mír 2 **den Airteagal seo** a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát.

* Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

** Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

*** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).’;

(12) scriostar Airteagail 11 agus 12;

(13) cuirtear an t-airteagal ■ seo a leanas isteach:

‘Airteagal 12a

Measúnú agus athbhreithniú

1. Faoin ... [90 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe ar an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) an taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme na Treorach seo;
- (b) an fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 10a agus an forbhreathnú uile-Aontais arna sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 10c;

(c) idirghníomhaíocht na Treorach seo le dlí idirnáisiúnta ábhartha eile agus le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais maidir le cosaint na muirthimpeallachta agus maidir leis an tsábháilteacht mhuirí; agus

(d) na sonraí agus na torthaí eolaíocha is déanaí.

2. Mar chuid den athbhreithniú, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhféidearthacht raon feidhme na Treorach seo a mhodhnú, más iomchuí, i bhfianaise caighdeáin idirnáisiúnta **nua nó nuashonraithe** maidir le cosc a chur ar ■ thruailliú ó longa atá faoi réir forálacha **atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo in** Marpol 73/78, amhail ■ bruscar **plaisteach** muirí, caillteanas coimeádán **agus** caillteanas millíní plaisteacha ■ .’;

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

‘Airteagal 13

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS), a bunaíodh le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus ag Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002.

* Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus le truailliú ó longa a chosc (IO L 324, 29.11.2002, lch. 1).

** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).’;

(15) scriostar Airteagail 14 agus 15;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

‘Airteagal 16

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 1 Aibreán 2007 agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi sin.
2. ***Ní bheidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit sin nach bhfuil rochtain dhíreach acu ar an bhfarraige ná nach bhfuil calafoirt acu Airteagal 6 agus Airteagal 7(2) den Treoir seo a thrasuí agus a chur chun feidhme.’;***

- (17) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad na hIarscríbhinne aonair.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ... ***[30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]***.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo agus aon leasú nó leasuithe ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Cur i bhfeidhm Threoir 2009/123/CE

Maidir le sáruithe atá le meas mar chionta coiriúla de bhun Threoir 2005/35/CE arna leasú le Treoir 2009/123/CE agus leis na pionóis chomhfhreagracha, beidh na Ballstáit nach bhfuil faoi cheangal Threoir (AE) 2024/1203 fós faoi cheangal Threoir 2005/35/CE, arna leasú le Treoir 2009/123/CE.

Airteagal 4
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5
Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh i/in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

‘Iarscríbhinn I

Liosta neamh-uileghabhálach de neamhrialtachtaí nó d’fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6

1. Aon neamhrialtachtaí maidir leis na leabhair thaifid ola agus leabhair thaifid ábhartha eile nó maidir le heasnamh eile a bhaineann le sceitheadh féideartha, a aimsítear le linn *cigireachtaí* arna ndéanamh faoi Threoir 2009/16/CE¹ ag an mBallstát lena mbaineann, ag Ballstát eile nó ag Stát is sínitheoir i Meabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt ag calafoirt chuarda na loinge roimhe sin;
2. Aon neamhrialtachtaí maidir le dramhaíl long-ghinte a sheachadadh, nó maidir le fógra a thabhairt ina leith sin, mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² a rinneadh sa Bhallstát lena mbaineann nó i mBallstát chalafoirt chuarda na loinge roimhe sin;

¹ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

² Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

3. Aon neamhrialtachtaí maidir le neamhchomhlíonadh na gcritéar maidir le húsáid EGCS a oibrítear mar mhodhanna laghdaithe astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, lena dtagraítear do Threoirlínte 2009 maidir le EGCS a leagtar amach i Réiteach MEPC.184 (59) arna n-ionadú ag Treoirlínte 2021 maidir le EGCS a leagtar amach i rún MEPC.340(77).
4. Aon fhaisnéis a fhaightear ó Bhallstát eile maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha na loinge a fhaightear trí na nósanna imeachta dá bhforáiltear i dTreoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, lena n-áirítear aon chruthúnas nó aon fhianaise thiomhdeach maidir le sceitheadh ola d'aon ghnó nó sárúithe eile ar Marpol 73/78 a chuireann stáisiúin chósta Ballstáit in iúl do na stáisiúin chósta sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 16 den Treoir sin nó teagmhais nó timpistí a thuairiscíonn máistir na loinge do stáisiún cósta an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 17 den Treoir sin.
5. Aon fhaisnéis eile ó dhaoine a bhfuil baint acu le hoibriú na loinge, lena n-áirítear píolótaí, lena dtugtar le fios neamhrialtachtaí a bhaineann le sárú féideartha ar na hoibleagáidí faoin Treoir seo.

³ Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58).

⁴ Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

Iarscríbhinn II

Faisnéis atá le háireamh san fhorbhreathnú uile-Aontais *arna fhoilsiú ag an gCoimisiún* dá dtagraítear in Airteagal **10c**

1. Maidir le gach teagmhas truaillithe a fhíoraíonn agus a dheimhníonn Ballstát, áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis san fhorbhreathnú uile-Aontais *arna fhoilsiú ag an gCoimisiún* i gcomhréir le hAirteagal 10c:
 - (a) dáta an teagmhais;
 - (b) sainathint na loinge a bhfuil baint aici leis an teagmhas;
 - (c) suíomh (domhanleithead agus domhanfhad) an teagmhais truaillithe;
 - (d) méid an teagmhais truaillithe (achar agus fad), más infheidhme;
 - (e) cineál an truailléain;

- (f) an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann;
- (g) tuairisc ar ghníomhaíochtaí fíorúcháin an teagmhais truaillithe;
- (h) dáta agus am na ngníomhaíochtaí fíorúcháin agus na sócmhainní arna n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí fíorúcháin;
- (i) mionsonraí maidir leis an bpionós riaracháin arna fhorchur.

2. Maidir le gach Ballstát, áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis chomhiomlánaithe atá san fhorbhreathnú uile-Aontais arna fhoilsiú **ag an gCoimisiún** i gcomhréir le hAirteagal 10c:

- (a) líon theagmhais fhéideartha truaillithe CleanSeaNet arna bhrath **■** ;
- (b) líon theagmhais fhéideartha truaillithe CleanSeaNet arna fhíorú **ar an láthair** ag an mBallstát;

(c) *líon theagmhais fhéideartha truaillithe CleanSeaNet arna fhíorú ar bhealaí eile ag an mBallstát;*

(d) líon na dteagmhas truaillithe deimhnithe tar éis an fhíoraithe (mionsonraithe in aghaidh an limistéir: uiscí teorann, limistéar eacnamaíoch eisiach, mórmhuir);

(e) líon na gciontóirí sainaitheanta;

(f) an líon cásanna inar forchuireadh pionós.

3. *Achoimre, chun críoch tagartha amháin, ar chodanna ábhartha de Marpol 73/78, a thabharfar cothrom le dáta aon uair a dhéanfar athruithe ar Marpol 73/78 atá ábhartha don Treoir seo.'*